



CUR SÍOS AR AN bPOST
Comhaltacht Múinteora
Institiúid Oideachais DCU
Conradh 2 bhliain ar théarma seasta

Forbhreathnú

Is institiúid dinimiciúil diantaighde, atá gafa go domhanda í Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (www.dcu.ie) atá aitheanta as cáilíocht agus tionchar a céimithe agus as a fócas ar aistriú eolais chun sochair sochaíoch agus eacnamaíoch. Ullmhaíonn DCU a cuid mac léinn go maith le go n-éireoidh leo sa saol, agus san ionad oibre, trí oideachas ardchaighdeáin iomlánaíoch a sholáthar a oireann do dhúshláin agus do dheiseanna an 21ú haois. Mar Ollscoil Fiontar agus Claochlaithe na hÉireann, is cuid de chomharthaí sóirt DCU a fócas ar nuálaíocht agus fiontraíocht agus tá a rannpháirtíocht éifeachtach leis an earnáil fiontar léirithe arís is arís eile, lena n-áirítear fiontair tráchtála, sóisialta agus cultúrtha. Mar thoradh ar fheabhas a cuid gníomhaíochtaí oideachais agus taighde tá aith chomhsheasmhach bainte amach go leanúnach ag DCU i rangú na n-ollscoileanna óga is fearr ar domhan.

Forbhreathnú ar an roinn

Is í Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath an dámh is nua in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá sé suite ar shaoráid shaintógtha ar luach €70 milliún ar Champas Phádraig OCBÁC i nDroim Conrach i mBaile Átha Cliath. Bunaíodh é in 2016 mar an chéad Dámh Ollscoile um Oideachas in Éirinn, agus tá baill foirne ann de níos mó ná 140 acadóir agus freastalaíonn os cionn 4,000 mac léinn air.

San Institiúid, tugtar le chéile na mic léinn go léir ó gach réimse oideachais lena n-áirítear oideachas luath-óige, bunscoile agus iar-bhunscoile, breisoideachas agus ardoideachas. Chomh maith le raon de chláir fochéimithe san oideachas a sholáthar, cuireann an Institiúid raon leathan de chláir iarchéime múinte agus bunaithe ar thaighde ar fáil ar leibhéal dhochtúra, mháistreachta, dhiplóma agus theastais.

Mar ionad barr feabhais sna croí-réimsí Oiliúna Tosaigh Múinteoirí agus oideachas go ginearálta, tá réimse leathan d'ionaid taighde atá dírithe ar mhórspriocanna uailmhianacha mar chuid lárnach d'fhorbairt chláir taighde na hInstitiúide. Soláthraíonn an Institiúid timpeallacht oibre agus fhoghlama dhinimiciúil i gcomhluadar saineolaithe atá aitheanta go hidirnáisiúnta sna réimsí: polasáí oideachais, oideachas ionchuimsithigh agus speisialta, curaclam agus oideolaíocht, meastóireacht, litearthacht, measúnú, oideachas múinteoireachta. Is féidir go mbeidh súil ag baill foirne le deiseanna mar a bhaineann le hobairt ildisciplíneach ní amháin san Institiúid ach trasna na hOllscoile. Mar cheann de na príomhollscoileanna is óige ar domhan, eascraíodh bhunú an chúigiú dámh nua i gcomhthéacs an tuairim dhaingean go bhfuil staidéar agus taighde san oideachas mar aon leis an tacaíocht agus cúnamh a chuirtear ar fáil do mhúinteoirí croílárnach i gclaoclú saoil agus pobail.

Tá Institiúid Oideachais DCU tiomanta do bharr feabhais oideachas agus nuálaíocht agus muiníneach go mbeidh ról rathúla agus ceannasaíochta ag mic léinn, foireann agus céimithe na hInstitiúide i gcomhthéacs na ndúshlán agus castachtaí a bhaineann le hoideachas an 21ú haois.

Cuimsíonn ár gcláir oideachas tosaigh múinteoirí iad seo a leanas:

Bunscoil

- Baitsiléir Oideachais
- Máistreacht Gairmiúil san Oideachas

Iar-bhunscoil

- Baitsiléir Oideachais Reiligiúnach agus Béarla/Stair/Ceol
- Baitsiléir Oideachais i Gaeilge agus Francis/Gearmáinis/Spáinnis
- Baitsiléir Eolaíochta san Oideachas Eolaíochta
- Baitsiléir Eolaíochta i gCorpoideachas agus Bitheolaíocht/Mata
- Máistreacht Gairmiúil san Oideachas (ábhair éagsúla)

Próifíl an Róil

Is tionscnamh nua é seo ag Institiúid Oideachais an DCU agus is é an chéad cheann den chineál seo é in institiúid ardoideachais in Éirinn, a d'eascair as ár dtiomantas stairiúil i leith chur chun cinn na múinteoireachta mar ghairm agus d'fhorbairt leanúnach ár gcláir féin san oideachas múinteoirí.

Tá Institiúid Oideachais an DCU ag iarraidh 6 Chomhalta Múinteoirí lánaimseartha a earcú chun cabhrú le múinteoirí faoi oiliúint a fhorbairt trasna ár gcláir oideachais tosaigh múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile. Beidh deis ag Comhaltaí Múinteoirí staidéar Máistreachta nó Dochtúireachta páirtaimseartha a dhéanamh ar feadh thréimhse na comhaltachta, nó modúil a dhéanamh ó raon clár ar bhonn neamhchreidiúnaithe, mar chuid de chlár forbartha gairmiúil pearsantaithe do gach comhalta. Beidh na cúrsaí staidéir seo saor in aisce do na Comhaltaí Múinteoirí. Tugann an tionscnamh nua iontach seo an deis do mhúinteoirí atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta in Éirinn a gcuid eolais agus taithí teagaisc a roinnt le múinteoirí faoi oiliúint, ag gníomhú mar 'mhúinteoir cónaithe' agus iad ag saothrú a bhforbairt ghairmiúil féin freisin.

D'fhéadfadh an ról seo a bheith oiriúnach do mhúinteoirí atá ag céimeanna éagsúla dá ngairm agus b'fhéidir go mbeadh gá le sos gairme a eagrú.

Cúraimí agus Freagrachtaí

I measc na bhfreagrachtaí ach nach bhfuil teoranta dóibh, tá na nithe seo a leanas:

Beidh ar na hiarrthóirí rathúla cuidiú le forbairt, seachadadh agus measúnú ar chlár oideachais tosaigh múinteoirí ar ardchaighdeán ag leibhéil fochéime agus iarchéime, a bheidh bunaithe ar shaineolas gairmiúil suntasach a fhaightear trí chleachtas, taighde / staidéar agus taithí fhairsing teagaisc.

- Tacú le mic léinn ar shocrúchán scoile, trí mheantóireacht, feitheoireacht, mheasúnú agus thuairisciú.
- Feidhmiú mar 'mhúinteoir cónaithe' d'fhoireann agus do mhic léinn na hInstitiúide Oideachais, ag tabhairt comhairle ar gach gné de shaol na scoile.

- Seisiúin phlé, ceisteanna agus freagraí a éascú le múinteoirí faoi oiliúint.
- Ceardlanna praiticiúla a sheachadadh do mhic léinn, do bhaill foirne agus do scoileanna comhpháirtíochta agus múnú cleachtas barrfheabhais sa teagasc agus san fhoghlaim.
- Ábhair / acmhainní a fhorbairt a chuirfeadh le clár tosaigh oideachais múinteoirí.
- Teagasc / teagasc foirne agus ranganna teagaisc a éascú ar raon clár tosaigh oideachais múinteoirí.
- Cur le hathbhreithniú na gclár agus na modúl ar chúrsaí oideachais tosaigh múinteoirí agus moltaí a dhéanamh maidir le feabhsúchán.
- Oibriú le baill foirne trasna na hInstitiúide Oideachais chun léargas ó chleachtas a roinnt.
- Páirt a ghlacadh i gcruinnithe a bhaineann leis an ról.

Cáilíochtaí agus Taithí

Critéir Riachtanacha

- Céim ag Leibhéal 8 i réimse ábhartha.
- A bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi bhealach 1 (bunscoil) nó 2 (iar-bhunscoil).
- 5 bliana taithí teagaisc, thar raon leathan grúpaí ranga go hidéalach.

Eolas agus Scileanna Riachtanacha

- Duine féintionscnaithe, dinimiciúil, cruthaitheach agus nuálach a bhfuil an cumas ann cleachtas barrfheabhais a spreagadh inár múinteoirí faoi oiliúint.
- Scileanna oibre foirne den scoth agus an cumas oibriú i gcomhpháirtíocht le daoine eile.
- Scileanna cumarsáide, cur i láthair agus éascaithe den scoth.
- Eolas agus tuiscint ar na córais agus na struchtúir atá i bhfeidhm i mbunscoileanna nó in iar-bhunscoileanna.
- Inniúil ar úsáid na teicneolaíochta i dteagasc agus i bhfoghlaim agus an cumas teagasc a sheachadadh ar líne agus tacú le foghlaim éifeachtach ar líne.
- Eolas leordhóthanach ar mhodhanna agus theicnící teagaisc agus taithí ar sheachadadh teagaisc / foghlama a sheachadadh.

Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh 3 cinn díobh seo a leanas ag iarratasóirí ar na comhaltachtaí seo - féach an próiseas iarratais le haghaidh tuilleadh sonraí

- Cruthúnas ar chleachtas nuálach agus ceannaireacht curaclaim.
- Meantóireacht a bheith déanta ar mhúinteoirí faoi oiliúint ar shocrúchán agus / nó ar chomhghleacaithe sa phróiseas Droichead.
- Comhpháirtíochtaí láidre forbartha le teaghlaigh agus le pobail.
- Cruthúnas ar chleachtas comhoibritheach.
- Ceannaireacht in eagraíocht nó líonra gairmiúil - lena n-áirítear cumann ábhair nó disciplíneach.

Oiliúint Éigeantach

Beidh ar an sealbhóir poist tabhairt faoin oiliúint éigeantach comhlíonta seo a leanas a dhéanamh: Cúrsa Ionduchtaithe, Sláinte & Sábháilteacht agus Cosaint Sonraí (GDPR). B'fhéidir go gcaithfear oiliúint eile a dhéanamh de réir mar is gá.